Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13358/22

LIMITE

CORLX 900
CFSP/PESC 1303
EPF AM 75
CSDP/PSDC 619
CSC 432
EUMC 317
COPS 439

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Stefano SANNINO, an tArdrúnaí |
| dáta a fuarthas: | 10 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata sonrach a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2022) 232.

Faoi iamh: HR(2022) 232

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

PUBLIC

**Togra ó Ardionadaí an Aontais
do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála
chuig an gComhairle**

**an 7 Deireadh Fómhair 2022**

**le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata sonrach a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine**

**HR(2022) 232**
*Limited*

PUBLIC

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

On 28 February 2022, the Council adopted Decision (CFSP) 2022/339 to establish an assistance measure under the European Peace Facility with the objective to contribute to strengthening the capabilities and resilience of the Ukrainian Armed Forces to defend the territorial integrity and sovereignty of Ukraine and protect the civilian population against the ongoing war of aggression by Russia. The reference amount of this assistance measure was EUR 50 million.

On 23 March 2022, the Council adopted Decision (CFSP) 2022/472 amending Council Decision 2022/339 doubling the EU military assistance to EUR 100 million in total. On 13 April, on 23 May and, later, on 21 July, the Council adopted Decisions (CFSP) 2022/637, 2022/810 and 2022/1284 increasing the overall EU military assistance under this assistance measure to EUR 170 million.

The unprovoked war of aggression by Russia continues. The proposed amendment foresees additional support to the Ukrainian Armed Forces to the amount of EUR 10 million.

The objective is to be achieved through the financing of the provision of equipment and supplies not designed to deliver lethal force, such as personal protective equipment, first aid kits, fuel and other non-lethal items to the Ukrainian Armed Forces.

In addition, the scope of this assistance measure is expanded to cover the provision of maintenance and repair of equipment and supplies not designed to deliver lethal force to the Ukrainian Armed Forces. As the high-intensity war of aggression continues, the Ukrainian Armed Forces need to devote considerable resources to ensuring that as far as possible equipment remains available for operational purposes. The amended assistance measure would allow for maintenance and repair services, provided by EU Member States, to be eligible for EPF reimbursement, thus offering an extra incentive for Member States to further address Ukrainian needs. Maintenance includes all actions taken to retain equipment or material in/or to restore it to a specified condition. This includes inspection, testing, servicing and classification as to serviceability, repair, rebuilding and

PUBLIC

reclamation. Maintenance embraces all supply and repair action taken to keep a force in condition to accomplish its mission[1].

The equipment to be provided and its maintenance and repair under the proposed amendment of the assistance measure must be in line with the priorities communicated by Ukraine via the Clearing House Cell (established in EUMS). The implementing actors remain unchanged. The High Representative's assessment as outlined in the Explanatory Memorandum of the High Representative's initial proposal (ST 6658/22) remains valid and applicable to the proposed amended assistance measure.

[1] EU Concept for Logistic Support for EU-led Military Operations and Missions (ST 12628 2018 INIT, EEAS (2018) 626 REV3, p. 24).

PUBLIC

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an [ll/mm/2022]**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,
Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,
De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar bunaíodh beart cúnaimh ag a bhfuil méid tagartha airgeadais EUR 50 000 000 atá beartaithe chun an maoiniú a chumhdach lena soláthrófar trealamh agus soláthairtí nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a sheachadadh, amhail trealamh cosanta pearsanta, fearais gharchabhrach agus breosla, d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine.

(2) An 23 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/472 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 100 000 000.

(3) An 13 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/637 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 150 000 000.

(4) An 23 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/810 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 160 000 000.

(5) An 21 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1284 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 170 000 000.

(6) I bhfianaise an fhogha armtha leanúnaigh atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, ba cheart EUR 10 000 000 breise a chur leis an méid tagartha airgeadais a bhí beartaithe chun an maoiniú a chumhdach lena soláthrófar trealamh agus soláthairtí

PUBLIC

nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a thabhairt, amhail trealamh cosanta pearsanta, fearais gharchabhrach agus breosla, d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/339 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mBeart Cúnaimh trealaimh agus soláthairtí a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a thabhairt, amhail trealamh cosanta pearsanta, fearais gharchabhrach agus breosla, chomh maith le trealamh agus soláthairtí arna ndeonú ag an tSaoráid a chothabháil agus a dheisiú nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a thabhairt, arna iarraidh sin don Úcráin.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. EUR 180 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chumhdach.';

(3) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar thograí a dhéanamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 180 000 000. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um bearta cúnaimh ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 i mbuiséad leasaitheach 2022 agus sna buiséid do na blianta ina dhiaidh sin a chomhfhreagraíonn don Bheart Cúnaimh.';

(4) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Beidh an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chur chun feidhme cáilithe amhail ón 1 Eanáir 2022 agus go dtí dáta a chinnfidh an Chomhairle. Is é EUR 50 000 000 a bheidh san uaschaiteachas incháilithe arna thabhú roimh

an 11 Márta 2022. Beidh méid EUR 20 000 000 incháilithe ón 21 Iúil 2022. Beidh caiteachas a bhaineann leis an gcothabháil agus leis an deisiú incháilithe ón [...[2]]'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

[2] Cuir isteach, le do thoil, dáta ghlactha an Chinnidh seo.